

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

MODÚL 5 - LUACHANNA AE

Tá trí chuid sa mhodúl seo ar luachanna AE:

Tosaíonn sé le cluiche a bhaineann le ceithre rud den chineál céanna, foghlaimíonn na himreoirí faoi luachanna AE agus feiceann siad roinnt samplaí den chaoi a gcuirtear i bhfeidhm iad san Aontas. Nuair a bhíonn na luachanna sin ar eolas acu, iarrtar ar na daltaí machnamh grinn a dhéanamh orthu trí chleachtadh aonair. Ar deireadh, forbraíonn siad a scileanna daonlathais tuilleadh trí chleachtadh díospóireachta ranga bunaithe ar cheann de 16 ráiteas. Is féidir an cluiche a imirt ann féin chomh maith agus gan bacadh leis an dá chuid eile.

MODHEOLAÍOCHT	FAD AMA	ÁBHAIR
Cluiche oideachasúil: Luachanna AE	20 nóiméad	<ul style="list-style-type: none">- Paca de 32 cárta luacha do gach grúpa imreoirí. Caithfear na cártaí a phriontáil ar thaobh amháin den leathanach agus iad a ghearradh amach.- Paca de 30 cárta fíor nó bréagach do gach grúpa imreoirí. Caithfear na cártaí a phriontáil ar thaobh amháin den leathanach agus iad a ghearradh amach.
Cleachtadh aonair	10 nóiméad	<ul style="list-style-type: none">- Léarscáil luachanna do gach dalta ar leith
Cleachtadh díospóireachta ranga	10 nóiméad do gach ráiteas	<ul style="list-style-type: none">- Ríomhaire + teilgeoir- Cur i láthair ar mhodúl 5 le 16 ráiteas- Léarscáileanna de luachanna a chuirfidh gach dalta le chéile dóibh féin.

CUSPÓIRÍ AGUS SCILEANNA

DEARCADH

- Tá na daltaí ar an eolas go hiomlán faoi luachanna AE.

EOLAS

- Tá na daltaí eolach ar luachanna an Aontais Eorpaigh agus ar roinnt samplaí cinnte den chaoi a gcuireann AE na luachanna sin i bhfeidhm.

SCILEANNA

- Forbraíonn na daltaí a dtuairim féin faoi luachanna an Aontais Eorpaigh.
- Forbraíonn na daltaí a scileanna díospóireachta.

CÉIM AR CHÉIM

1. AN CLUICHE

SUIÓMH

Don chluiche seo, roinntear an rang ina ghrúpaí beaga – ceathrar daltaí i ngach grúpa, más féidir. Is féidir grúpaí de thriúr nó de chúigear a dhéanamh chomh maith, más gá. Suíonn gach grúpa timpeall ar bhord. Imríonn na daltaí in aghaidh daoine eile ina ngrúpa. Tá paca amháin de 32 cárta luacha agus paca amháin de 30 cárta ar bhfuil ceisteanna fíor nó bréagach ag gach grúpa.

PRÓISEAS

- Dáiltear na cártaí luacha ar na daoine atá sa ghrúpa. Má tá ceathrar imreoirí ann, faigheann gach imreoir ocht gcárta. Má tá triúr nó cúigear imreoirí ann, beidh cárta breise ag roinnt imreoirí. Bíonn na cártaí ina lámha ag na himreoirí agus ní thaispeánann siad iad do na himreoirí eile.
- Cuirtear an paca de 30 cárta ar a bhfuil ceisteanna fíor nó bréagach i lár an bhoird agus beidh droim na gcártaí in uachtar.
- Beidh na daltaí ag iarraidh an méid is mó tacar cártaí a bhailiú; beidh ceithre cárta den luach Eorpach céanna i ngach tacar.
- Tosaíonn an duine is sine sa ghrúpa. Fiafraíonn an té sin d'imreoir eile an bhfuil cárta aige nó aici don luach Eorpach a theastaíonn uaidh nó uaithi féin, e.g. dlúthpháirtíocht. Caithfidh an chéad imreoir ar a laghad cárta amháin den luach Eorpach sin a bheith aige nó aici féin.
 - Mura bhfuil an cárta sin ag an imreoir eile, deir sé/sí nach bhfuil agus téitear ar aghaidh go dtí an chéad imreoir eile ar chlé.
 - Má tá an cárta sin ag an imreoir eile, tógann sé/sí cárta fíor nó bréagach ón bpaca i lár an bhoird agus cuireann sé/sí an cheist atá ar an gcárta.
 - Má thugann an chéad imreoir an freagra ceart, faigheann sé/sí an cárta a lorg sé/sí. Is leor 'fíor' nó 'bréagach' mar fhreagra; ní chaithfidh an t-imreoir aon eolas breise a thabhairt.
 - Má tá an freagra mícheart, ní dhéantar cártaí a mhalartú agus cuirtear an cárta fíor nó bréagach isteach faoi íochtar an phaca ar an mbord.
 - Sa dá chás, is é an t-imreoir ar chlé an chéad duine eile san imirt.
- Nuair a bhailíonn imreoir tacar de cheithre cárta den luach Eorpach céanna, deir sé/sí os ard, 'ceithre cinn den chineál céanna!' agus cuireann an tacar ar an mbord. Ní féidir an tacar cártaí sin a bhaint den imreoir.
- Tá an cluiche thart nuair atá na hocht dtacar curtha le chéile. Is é an dalta nó na daltaí ag a bhfuil an méid is mó tacar a bhuann an cluiche.

INNEACHAR

Féach an doiciméad leis na cártaí cluiche agus na cártaí fíor nó bréagach le haghaidh an inneachair.

- Ar na **32 chárta luacha**, cuireann na daltaí eolas ar ocht luach Eorpacha agus ar roinnt samplaí cinnte den chaoi a gcuireann an tAontas Eorpach/Parlaimint na hEorpa na luachanna sin i bhfeidhm in AE agus thar lear. Tá ocht dtacar de cheithre chárta ann.
- Ar gach ceann de na **30 chárta fíor nó bréagach** tá ceist fíor nó bréagach a bhaineann leis an bhfaisnéis atá ar na cártaí luacha. Is féidir leis an dalta an fhaisnéis ar a gcártaí luacha a úsáid chun na ceisteanna ar na cártaí fíor nó bréagach a fhreagairt.

2. CLEACHTADH AONAIR

Sa chleachtadh seo déantar machnamh ar gach ceann de na luachanna agus bíonn deis ag na daltaí teacht ar thuairim. Is ullmhú é seo don díospóireacht ranga.

SUÍOMH

Suíonn gach dalta ag bord agus tugtar a léarscáil luachanna féin dóibh.

PRÓISEAS

Tugann an múinteoir a léarscáil luachanna féin do gach dalta. Is doiciméad pearsanta é sin a bheidh ag an dalta dó nó di féin. Ar an léarscáil luachanna, tá luachanna AE tugtha cheana agus tá sainmhíniú bunúsach tugtha orthu. Tugann an múinteoir na treoracha seo a leanas:

1. An aontaíonn tú féin leis na luachanna?

Iarrann an múinteoir ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar gach ceann de na luachanna agus ar an sainmhíniú bunúsach air.

Cuir an cheist seo ort féin: 'An bhfuilim féin i bhfách leis na luachanna seo?' Is é sin le rá, an aontaíonn tú (go pearsanta) gur chóir go mbeadh gach duine saor, cothrom, ina chónaí i ndaonlathas, ag maireachtáil de réir an smachta reachta, meas a bheith aige nó aici ar an dínit dhaonna agus ar chearta an duine, a bheith caoinfhulangach agus dlúthpháirtíocht a chur in iúl? Smaoinigh air agus cuir ciorcal timpeall ar 'aontaím' nó 'ní aontaím' taobh le gach luach, de réir do thuairime.

2. Cuir na luachanna in ord de réir a dtábhachta

Sa cholún 'Tosaíochtaí don Aontas' ar an léarscáil luachanna, cuireann na daltaí na luachanna in ord de réir a thábhachtaí is dóigh leo ba cheart don luach sin a bheith don Aontas (1 = is mó tábhacht, 8 = is lú tábhacht). Is cleachtadh aonair é seo, agus beidh an toradh éagsúil do gach dalta.

3. DÍOSPÓIREACHT RANGA

Is é is sprioc don chuid seo ná oibriú le chéile chun an sainmhíniú ar (roinnt de) na luachanna a mhíniú go mion. Le haghaidh gach luacha, tá dhá ráiteas sa chur i láthair. Roghnaíonn an múinteoir idir dhá ráiteas agus ceithre ráiteas le plé sa seomra ranga, ag brath ar spéiseanna na ndaltaí.

Nóta: tá na ráitis ceaptha plé faoin luach a spreagadh. Ní tuairimí ar an luach iad.

SUIÓMH

Ba cheart go mbeadh an suíomh oiriúnach do phlé ranga agus, chomh maith leis sin, go mbeadh na daltaí in ann, mar gheall ar an suíomh, na ráitis a thaispeántar ar an scáileán ag tosach an tseomra ranga a fheiceáil.

PRÓISEAS

Próiseas an phlé le haghaidh gach ráitis:

1. An chéad vóta

Taispeánann an múinteoir ráiteas dá rogha féin don rang agus tugann sé nó sí treoracha: 'Féach ar an ráiteas. Déan do mhachnamh ar feadh tamaillín agus socraigh duit féin an aontaíonn tú leis nó an easaontaíonn tú leis. Níl aon "idir eatarthu" ann; caithfidh tú taobh amháin a roghnú.'

Roinnt barúlacha tábhachtacha:

- B'fhéidir go mbeadh roinnt ceisteanna ann faoin ráiteas. Tugann an múinteoir míniú breise ar an ráiteas (nuair is féidir).
- Is vóta bunaithe ar an rud a ritheann leis an daltaí é seo, agus déanfar plé níos doimhne ar an ábhar ina dhiaidh.
- Níl aon fhreagra 'ceart' ná 'mícheart' ann.
- Is ann do na ráitis chun plé a spreagadh; ní fíorthuairimí iad.

Comhaireann an múinteoir na vótaí agus scríobhann sé/sí síos iad.

2. Plé sa rang iomlán

Iarrann an múinteoir ar dhuine amháin de na daltaí a thuairim nó a tuairim a mhíniú. Ina dhiaidh sin, fiafraíonn an múinteoir den ghrúpa cé a aontaíonn agus cé a easaontaíonn leis an duine a raibh cead cainte aige/aici chun plé grúpa a spreagadh. Leid: má roghnaítear duine ón ngrúpa 'mionlaigh' de vótálaithe le labhairt ar dtús, meallfaidh sé na daltaí a vótáil an bealach eile le labhairt. Spreagfaidh sé sin na daltaí le dul i mbun díospóireachta.

Déanann an múinteoir modhnóireacht ar an bplé.

3. An dara vóta (roghnach)

Tar éis an phlé grúpa, osclaíonn an múinteoir an dara vóta. Comhaireann sé/sí na vótaí agus cuireann i gcomparáid iad le torthaí an chéad bhabhta. Ar athraigh roinnt daltaí a n-intinn?

4. Conclúid

Tar éis an dara vóta, iarrann an múinteoir ar na daltaí a sheiceáil an bhfuil a bhfreagra mar a chéile leis an rud a scríobh siad ina léarscáil luachanna féin: An aontaíonn siad fós leis an luach seo? An athróidís an t-ord?

ROINNT LEIDEANNA MAIDIR LE MODHNÓIREACTH A DHÉANAMH AR AN BPLE

- Tosaigh trí aird a tharraingt ar rialacha bunúsacha an phlé: éist lena chéile; fan go dtabharfar deis cainte duit; bí múinte; díriú ar an topaic; ná caith an iomarca ama ag caint agus tabhair deis cainte do dhaoine eile freisin. Tugann sé seo deis duit tagairt do na rialacha seo i rith an phlé.
- Ná cuir do thuairim féin in iúl; bí chomh neodrach agus is féidir leat.
- Déan iarracht deis cainte a thabhairt don oiread mac léinn difriúil agus is féidir.
- Sa chás nach mbíonn aon fhreagairt láithreach, cuir an ráiteas ar bhealach eile nó glac ról abhcóide an diabhair chugat trí cheisteanna conspóideacha a chur.
- Má tá mac léinn amháin ag caint an t-am ar fad, déan iarracht é/í a stopadh, déan achoimre go múinte ar an méid atá ráite aige/aici agus tabhair deis cainte do mhac léinn eile, e.g. iarr ar na mic léinn cibé an bhfuil siad ag aontú nó ag easaontú leis an méid atá díreach ráite.
- Má théann mac léinn ar strae ón topaic, cuir stop leis/léi agus iarr air/uirthe díriú ar an bpríomhábhar. D'fhéadfadh an chuma a bheith ar an scéal go bhfuil sé seo mímhúinte, ach d'fhéadfadh go mbeadh mic léinn eile buíoch díot.

INNEACHAR

Taispeántar na ráitis sa chur i láthair ar an modúl seo. Anseo, tugtar na ráitis arís, mar aon le roinnt faisnéis bhreise.

SÉANADH

Tá na ráitis a úsáidtear ceaptha plé ranga faoi luachanna an Aontais Eorpaigh a spreagadh. Ní tuairimí ar an luach iad, ná ní hionann iad agus dearcadh Pharlaimint na hEorpa.

DAONLATHAS

1. 'Is bealach maith é reifreann i gcónaí chun rannpháirtíocht saoránach a spreagadh.'

Is é an cheist atá le cur cibé an rud maith nó nach rud maith do dhaonlathas é reifreann. Is iad na srianta a bhaineann le reifreann gur iondúil go mbíonn ar dhaoine rogha a dhéanamh idir 'tá' nó 'níl' agus níl spás ar bith ann do mhalairtí, e.g., san Eilvéis (tír nach Ballstát de AE í) iarradh ar dhaoine vótáil 'i bhfabhar' nó 'i gcoinne' tollán nua. Ach bhí i bhfad níos mó roghanna ann, cosúil le bóithre eile, áiteanna eile don tollán seo, etc.

2. 'Ní oibríonn daonlathas dáiríre ach ag an leibhéal áitiúil.'

Iarrann an ráiteas seo cibé an gcreideann nó nach gcreideann mic léinn go bhféadfadh daonlathas oibriú i sochaithe níos mó, áit nach bhfuil aithne ar pholaiteoirí ar leibhéal pearsanta agus nach féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh leo go héasca. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás an Aontais Eorpaigh, áit a bhfuil 445 milliún saoránach. An bhféadfadh daonlathas oibriú ar scála chomh mór?

SAOIRSE

1. 'Ciallaíonn saoirse a bheith gan fhreagrachtaí.'

D'fhéadfadh go mbeadh go leor rudaí éagsúla i gceist le 'freagrachtaí': A bheith freagrach i do shochaí féin, e.g., ag cabhrú le daoine eile, ag cabhrú le do theaghlach, ag tabhairt aire do thuismitheoirí scothaosta nó seantuismitheoirí, ag tabhairt aire do do leanaí... Go ginearálta, ciallaíonn 'saoránacht', tú féin a iompar mar shaoránach 'maith', gan bóithre a dhamáistiú nó a thruailliú, etc.

Má chomhaontaíonn gach duine, féadfaidh tú hata abhcóide an diabhair a chur ort féin agus a iarraidh orthu cibé an gceapann nó nach gceapann siad go bhfuil duine a roghnaíonn gan aon rud a dhéanamh don tsochaí i dteideal na mbuntáistí ar fad a bhaineann le stát leasa cosúil le saoroideachas, cúram leighis saor in aisce, liúntas difhostaíochta, etc., buntáistí a íocann daoine eile astu.

2. 'De bhrí go bhfuil saoirse cainte ann, ní mór go mbeadh páirtithe polaitíochta ciníocha ceadaithe i bParlaimint na hEorpa.'

Má thacaíonn páirtí polaitíochta i bpáirt le barúlacha atá i gcoinne na luachanna AE, cosúil le bheith idirdhealaitheach i gcoinne ciníocha, an gciallaíonn sé sin nár cheart go mbeadh cead acu a gcreidimh a chur in iúl agus nach mbeadh aon bhaint acu leis an gcumhacht?

DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

1. 'Ba cheart go bhfaigheadh Ballstát de AE atá buailte ag géarchéim airgeadais tacaíocht ó na Ballstáit eile de AE.'

Iarrann an ráiteas seo cibé ar cheart nó nár cheart do na tíortha laistigh de AE dlúthpháirtíocht a léiriú i dtreo Ballstát eile, nuair atá siad i dtrioblóid. Ar chóir gur Aontas mar sin a bheadh in AE, Aontas inar féidir leis na tíortha brath ar a chéile?

2. 'Ciallaíonn dlúthpháirtíocht airgead cánach a úsáid chun a chinntiú go bhfuil tithíocht mhaith, bia agus oideachas ag gach duine.'

Spreagann an ráiteas seo plé maidir leis an tsaincheist a bhaineann le dlúthpháirtíocht a léiriú i sochaí ina bhfuil daoine nach bhfuil aithne againn orthu. An bhfuilimid ag iarraidh cabhrú leis na boicht trí airgead a thabhairt dóibh ar bhealach struchtúrtha?

Síleann mic léinn áirithe go bhfuil daoine aonair freagrach as bochtaineacht agus nár cheart don tsochaí íoc aisti. I measc na saincheisteanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann tá an tuiscint nár cheart go mbeadh sochair á bhfáil ach ag na daoine a dteastaíonn siad uathu i ndáiríre. I ról abhcóide an diabhair, is féidir leis an múinteoir a iarraidh ar na mic léinn céard é a rogha féin: Córas an-dian a bhaineann an riosca leis go dtitfeadh daoine amach as an tsochaí, nó córas nach bhfuil chomh dian sin ach a mbaineann an riosca leis go mbeadh daoine ag baint tairbhe as an gcóras

COMHIONANNAS / NEAMH-IDIRDHEALÚ

1. 'Chun tabhairt faoi chomhionannas, tá gá le hidirdhealú dearfach.'

Idirdhealú dearfach = an cleachtas a bhaineann le sochair speisialta a thabhairt do dhaoine a bhaineann le grúpa a chaitear leo ar bhealach éagórach uaireanta nó nach bhfuil ionadaíocht

mhaith déanta orthu sa mhargadh saothair, i bpoist shinsearacha, etc. Mar shampla, ina lán tíortha Eorpacha, faigheann fostóirí a fhostaíonn duine faoi mhíchumas luaíocht airgeadais mar dhreasacht chun daoine faoi mhíchumas a fhostú.

2. 'Tá gach duine comhionann, is cuma cé chomh saibhir is atá sé/sí.'

Féadfaidh an múinteoir aird a tharraingt ar an difríocht idir an staid inmhianaithe agus an staid réadúil. An bhfuil gach duine comhionann, agus ar cheart caitheamh go comhionann le gach duine? Mar shampla, téann duine a bhfuil an chuma air gur duine bocht é/í isteach i siopa só-earraí, mar aon le duine a bhfuil cuma an airgid air – an gcaithfear go comhionann leo?

Is í an cheist bhunúsach anseo cibé an bhfuilimid nó nach bhfuilimid fós ag maireachtáil i sochaí ina bhfuil aicmí sóisialta difriúla. Táimid ar fad comhionann roimh an dlí, ach an ionann é seo agus 'comhionannas' sa saol réadúil?

SMACHT REACHTA / CEARTAS

1. 'Maidir le coireanna áirithe, ba cheart go mbeadh sé indéanta rogha a dhéanamh idir fíneáil mhór a íoc agus dul chun príosúin.'

Iarrtar sa ráiteas seo cibé an mbeadh daltaí den tuairim nó nach mbeadh daltaí den tuairim go mbeadh sé 'cóir' dá bhféadfadh daoine saibhre a b pionós 'a cheannach'. Is meascán atá ann i ndáiríre de na luachanna 'comhionannais' agus 'smacht reachta'.

2. 'Tá an ceart chun triail chóir, le cosaint chuí ag sceimhlitheoirí.'

Taispeántar sa phictiúr sa chur i láthair cás aitheanta Eorpach Anders Breivik, sceimhlitheoir i bhfad amach ar an eite dheis de bhunadh na hIorua, a rinne ionsuithe na hIorua in 2011. Ar an 22 Iúil 2011 mharaigh sé ochtar daoine in Osló, agus ansin saoil sé 69 duine óg a bhí ag freastal ar champa samhraidh ar oileán Utøya marbh. I Lúnasa 2012 ciontaíodh é as sladmharú agus sceimhlitheoireacht.

Tá sé mar aidhm leis an ráiteas seo plé a spreagadh maidir le cibé an gcoinníonn nó nach gcoinníonn daoine mar é – a raibh baint acu ar ndóigh le sladmharuithe - a gceart ní hamháin chun triail chóir, ach a gceart a bheith cosanta freisin.

MEAS AR CHEARTA AN DUINE

1. 'Ba cheart iriseoir a phionósú nuair a scríobhann sé/sí scéal bréagnuachta.'

Baineann an ráiteas seo le saoirse an phreasa. Sa lá inniu ann níl dlíthe ach ag deachtóireachtaí a shonraíonn gur féidir lucht an phreasa a ionchúiseamh mar gheall ar an méid a scríobhann siad. I ndeireadh na dála, d'fhéadfadh gur cinsireacht a bheadh mar thoradh air seo nó nach mbeadh na meáin ag tuairisciú ar nithe áirithe mar go mbeadh imní orthu go ndéanfaí iad a ionchúiseamh.

2. 'Níor cheart do AE gnó a dhéanamh le réimis a sháraíonn cearta an duine, fiú dá dtéadh an margadh chun tairbhe AE.'

An féidir le AE margaí trádála nó margaí eile a dhéanamh le réimis a dtuairiscítear cearta an duine a bheith á sárú acu? Mar shampla, déanann AE margaí le tíortha Afracacha a bhfuil cearta an duine á sárú acu arís agus arís eile, chun imircigh a stopadh ó bheith ag teacht isteach in AE. Nó, teastaíonn roinnt margaí chun amhábhair nach bhfuil againn san Eoraip a fháil, e.g. cóbalt, a úsáidimid i bhfóin phóca.

CAOINFHULAINGT / IOLRACHAS

1. 'Ba cheart go mbeadh cead ag daoine siombailí reiligiúnacha, cosúil le cros nó caille, a chaitheamh ar scoil agus ag an obair.'

Is í an tsaincheist atá idir chamáin anseo cibé an dóigh nó nach dóigh leis na mic léinn gur cheart go mbeadh cead ag daoine a reiligiún a chleachtadh ag an obair agus ar scoil.

2. 'An bhfuil sé ceart go leor fuathchaint a scríobh ar líne, má dhéantar amhlaidh i ngrúpaí dúnta/rúnda.'

An bhfuil sé seo feicthe ag mic léinn roimhe seo? An bhfuil a leithéid déanta acu féin, b'fhéidir? An dóigh leo go bhféadfadh sé seo dochar a dhéanamh do ghrúpaí áirithe? Nó an mbraitheann siad ar a saoirse cainte?

MEAS AR DHÍNIT AN DUINE

1. 'Tá dualgas morálta ar gach tír de AE cabhrú le hiarrthóirí tearmainn.'

Iarrthóir tearmainn = 'Duine, mar gheall ar fhaitíos roimh ghéarleanúint ar chúiseanna bunaithe ar chine, reiligiún, grúpa sóisialta, nó tuairim pholaitiúil, a thrasnaigh teorainn idirnáisiúnta isteach i dtír ar mian leis/léi stádas dídeanaithe a fháil inti.'

Tabhair faoi deara: Ní hionann é seo agus inimircigh eacnamaíocha (daoine atá ag dul ar imirce mar gheall ar chúiseanna eacnamaíocha). Tá stádas iarrthóirí tearmainn sealadach i gcónaí, go dtí go dtugann nó go ndiúltaíonn an tír ina bhfuil an duine ag cuardach tearmainn stádas dídeanaithe.

Is í an cheist bhunúsach atá á cur anseo: An bhfuil meas againn ar dhínit an duine nuair is neamh-Eorpaigh atá i gceist? De ghnáth spreagann an ráiteas seo saincheisteanna cosúil le lánpháirtiú maith, ag roghnú idir cabhrú le do mhuintir féin agus eachtrannaigh, dea-rúin eachtrannach, etc.

Tabhair faoi deara: Tá saorghluaiseacht daoine laistigh de AE, rud a chiallaíonn nach 'iarrthóirí tearmainn' iad saoránaigh de AE riamh. Má thagraíonn mic léinn dó seo, ba cheart don mhúinteoir iad a cheartú.

2. 'Ba cheart go mbeadh céasadh ceadaithe chun faisnéis a fháil chun ionsuithe sceimhlitheoireachta nua féideartha a chosc.'

Tá céasadh neamhcheadaithe in AE, beag beann ar an sprioc a d'fhéadfadh a bheith ann. An aontaíonn mic léinn leis seo? An gceapann siad go bhféadfadh sé a bheith dlisteanach i roinnt cásanna?

NAISC ÚSÁIDEACHA

- An daonlathas agus cearta an duine i bParlaimint na hEorpa: www.europarl.europa.eu/about-parliament/ga/democracy-and-human-rights
- Léigh tuilleadh faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: https://ec.europa.eu/info/aid-development-cooperation-fundamental-rights/your-rights-eu/eu-charter-fundamental-rights_en
- Léigh tuilleadh faoi Dhuais Sakharov ar www.europarl.europa.eu/sakharovprize

